2026/1889

28.7.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1889 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27 Iúil 2026**

**lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch, atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1), pointe (b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach bhfuil teacht isteach coinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch ó thríú tíortha nó ó chríocha san Aontas le ceadú ach amháin má liostaítear na tríú tíortha nó na críocha lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]), leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó críocha, nó ó chriosanna de thríú tír nó críoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó críoch i gcás ainmhithe dobharshaothraithe.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, leagtar amach na liostaí de thríú tíortha nó críocha, nó criosanna de thríú tír nó críoch, atá údaraithe, faoi seach, maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) An 16 Iúil 2026, thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig nua den fhliú éanúil ardphataigineach (FÉAP) in éanlaith chlóis i stát Utah, ráig a deimhníodh an 13 Iúil 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(6) Tar éis na ráige sin de FÉAP a tharla le déanaí, thug údarás tréidliachta na Stát Aontaithe fógra faoi bhunú criosanna srianta 10 km ar a laghad timpeall ar an mbunaíocht atá buailte agus faoi chur chun feidhme beartais díothaithe chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí d'ainmhithe áirithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus lena ngluaiseacht agus a láimhseáil tar éis a dteacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Tá faisnéis bhreise curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar an gcríoch sin agus maidir leis na bearta a rinneadh chun leathadh breise FÉAP a chosc tar éis na ráige sin de FÉAP a tharla le déanaí.

(8) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair na Stáit Aontaithe. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sa limistéar atá faoi shrianta arna mbunú ag údarás tréidliachta na Stát Aontaithe, is iomchuí teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ón limistéar lena mbaineann an ráig nua sa tríú tír sin a chur ar fionraí chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint, agus an dáta a deimhníodh an ráig á chur san áireamh. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na Stáit Aontaithe sna táblaí a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 agus i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla a leagtar amach i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú dá réir.

(9) Ina theannta sin, tá faisnéis cothrom le dáta soláthartha don Choimisiúin ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha a mhéid a bhaineann le ráigeanna a bhí ann roimhe seo de FÉAP ba chúis le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(10) Go háirithe, an 17 Iúil 2026, chuir na Stáit Aontaithe faisnéis nuashonraithe isteach maidir leis an staid sláinte ainmhithe agus na bearta a bhí déanta acu i ndáil le 17 ráig de FÉAP in éanlaith chlóis i stáit Arkansas, Indiana, New Jersey agus South Dakota, ráigeanna a deimhníodh idir an 15 Samhain 2025 agus an 8 Meitheamh 2026 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(11) Tar éis na ráigeanna sin de FÉAP a bhí ann roimhe seo, chuir na Stáit Aontaithe an Coimisiún ar an eolas go raibh beartas díothaithe curtha chun feidhme acu chun leathadh an ghalair sin a rialú agus chun teorainn a chur leis, agus go raibh na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme.

(12) Tá meastóireacht déanta ag an gCoimisiún ar an bhfaisnéis a chuir na Stáit Aontaithe faoina bhráid i ndáil leis sin agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a chur ar fionraí ó na criosanna atá buailte, mar a leagtar amach sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn V, agus sa tábla i Roinn B de Chuid 1 d'Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna de na Stáit Aontaithe atá buailte, óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, gur cheart é a athúdarú. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis na Stáit Aontaithe sna táblaí sin sna hIarscríbhinní sin a leasú dá réir.

(13) Agus an ráig nua de FÉAP atá ann sna Stáit Aontaithe á gcur san áireamh, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar ábhar práinne.

(14) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Iúil 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1118:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1118 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 5.11.2025 | 5.7.2026' |

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1121:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1121 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 7.11.2025 | 5.7.2026' |

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1145:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1145 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 17.11.2025 | 5.7.2026' |

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1151:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1151 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 17.11.2025 | 5.7.2026' |

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1174:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1174 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 28.11.2025 | 5.7.2026' |

(vi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1183:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1183 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 5.12.2025 | 3.7.2026' |

(vii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1188:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1188 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 5.12.2025 | 5.7.2026’ |

(viii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1193 agus US-2.1194:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1193 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 8.12.2025 | 3.7.2026 |
| | US-2.1194 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 8.12.2025 | 5.7.2026’ |

(ix) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1201:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1201 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 23.12.2025 | 5.7.2026’ |

(x) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1210:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1210 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 23.12.2025 | 3.7.2026’ |

(xi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1301:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1301 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 5.3.2026 | 13.6.2026’ |

(xii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1348:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1348 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 23.3.2026 | 5.7.2026’ |

(xiii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1357:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1357 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 31.3.2026 | 16.7.2026’ |

(xiv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1366:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1366 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 23.3.2026 | 5.7.2026' |

(xv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1370:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1370 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 10.4.2026 | 17.7.2026' |

(xvi) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1396:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1396 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 8.6.2026 | 8.7.2026' |

(xvii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios US-2.1401 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1400:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1401 | BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20 | N, P1 | | 13.7.2026'; | |

(b) i gCuid 2, san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios US-2.1401 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.1400:

| | | |
|---|---|---|
| 'na Stáit Aontaithe | US-2.1401 | State of Utah<br>Cache 06<br>Cache County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 111.9104458°W 42.0174457°N)'; |

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1118:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1118 | POU, RAT | N, P1 | | 5.11.2025 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 5.11.2025 | 5.7.2026' |

(b) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1121:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1121 | POU, RAT | N, P1 | | 7.11.2025 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 7.11.2025 | 5.7.2026' |

(c) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1145:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1145 | POU, RAT | N, P1 | | 17.11.2025 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 17.11.2025 | 5.7.2026' |

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1151:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1151 | POU, RAT | N, P1 | | 17.11.2025 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 17.11.2025 | 5.7.2026' |

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1174:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1174 | POU, RAT | N, P1 | | 28.11.2025 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 28.11.2025 | 5.7.2026' |

(f) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1183:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1183 | POU, RAT | N, P1 | | 5.12.2025 | 3.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 5.12.2025 | 3.7.2026' |

(g) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1188:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1188 | POU, RAT | N, P1 | | 5.12.2025 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 5.12.2025 | 5.7.2026' |

(h) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna US-2.1193 agus US-2.1194:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1193 | POU, RAT | N, P1 | | 8.12.2025 | 3.7.2026 |
| | | GBM | P1 | | 8.12.2025 | 3.7.2026 |
| | US-2.1194 | POU, RAT | N, P1 | | 8.12.2025 | 5.7.2026 |
| | | GBM | P1 | | 8.12.2025 | 5.7.2026' |

(i) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1201:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1201 | POU, RAT | N, P1 | | 23.12.2025 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 23.12.2025 | 5.7.2026' |

(j) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1210:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1210 | POU, RAT | N, P1 | | 23.12.2025 | 3.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 23.12.2025 | 3.7.2026' |

(k) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1301:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1301 | POU, RAT | N, P1 | | 5.3.2026 | 13.6.2026' |
| | | GBM | P1 | | 5.3.2026 | 13.6.2026' |

(l) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1348:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1348 | POU, RAT | N, P1 | | 23.3.2026 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 23.3.2026 | 5.7.2026' |

(m) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1357:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1357 | POU, RAT | N, P1 | | 31.3.2026 | 16.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 31.3.2026 | 16.7.2026' |

(n) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1366:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1366 | POU, RAT | N, P1 | | 23.3.2026 | 5.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 23.3.2026 | 5.7.2026' |

(o) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1370:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1370 | POU, RAT | N, P1 | | 10.4.2026 | 17.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 10.4.2026 | 17.7.2026' |

(p) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.1396:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| '**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1396 | POU, RAT | N, P1 | | 8.6.2026 | 8.7.2026' |
| | | GBM | P1 | | 8.6.2026 | 8.7.2026' |

(q) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios US-2.1401 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.1400:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ‘**US** na Stáit Aontaithe | US-2.1401 | POU, RAT | N, P1 | | 13.7.2026 | |
| | | GBM | P1 | | 13.7.2026’ | |